C/2025/3226

12.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11874 — FRASERS / XXL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3226)

1. An 2 Meitheamh 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Frasers Group plc ('Frasers', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Mike Ashley,

— XXL A.S.A. ('XXL', an Iorua), arna thrádáil go poiblí ar Stocmhalartán Oslo agus nach bhfuil faoi rialú aon scairshealbhóra aonair faoi láthair.

Gheobhaidh Frasers rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar XXL ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 14 Aibreán 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa cuideachtaí é Fraser atá gníomhach ar fud an domhain, go príomha san earnáil mhórdhíola agus mhiondíola sna deighleoga seo a leanas: (i) earraí spóirt agus aclaíochta ginearálta (lena n-áirítear coisbheart, éadach agus trealamh le haghaidh gníomhaíochtaí amhail peil, reathaíocht, dornálaíocht agus traenáil), (ii) táirgí stíl maireachtála den scoth (lena n-áirítear coisbheart, éadaí, áilleacht agus earraí tí) agus (iii) táirgí só (lena n-áirítear brandaí ardfhaisin sna catagóirí coisbhirt, éadaí, áilleachta agus earraí tí). I réimse na n-earraí spóirt, tá sé gníomhach go príomha tríd a shiopaí agus a shuíomh ghréasáin SportsDirect.

— Is miondíoltóir spóirt atá gníomhach sna tíortha Nordacha agus siopaí fisiceacha agus siopaí ar líne aige san Iorua, sa tSualainn agus san Fhionlainn agus speisialtóireacht aige i gcoisbheart spóirt faoin aer, in éadach agus i dtrealamh le aghaidh gníomhaíochtaí amhail rothaíocht, sealgaireacht agus sciáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11874 — FRASERS / XXL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË